Dé Céadaoin 15. Feabhra 2023

P9_TA(2023)0042

Údarú a thabhairt don Pholainn an leasú ar an gCoinbhinsiún um Chaomhnú agus um Bainistiú Acmhainní Mangach i Muir Bheiring Láir a dhaingniú

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 15 Feabhra 2023 maidir leis an dréachtchinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear donPholainn an leasú ar an gCoinbhinsiún um Chaomhnú agus um Bainistiú Acmhainní Mangach i Muir Bheiring Láir a dhaingniú, ar mhaithe leis an Aontas Eorpach (10918/2022 – C9-0293/2022 – 2022/0177(NLE))

(Toiliú)

(2023/C 283/25)

Tá Parlaimint na hEorpa,

— ag féachaint don dréachtchinneadh ón gComhairle (10918/2022),

— ag féachaint don iarraidh ar thoiliú a thíolaic an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 43(2) agus Airteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a), den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (C9-0293/2022),

— ag féachaint do Riail 105(1) agus (4), agus do Riail 114(7) dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don mholadh ón gCoiste um Iascach (A9-0007/2023),

1. ag tabhairt a toilithe chun údarás a thabhairt don Pholainn an leasú ar an gCoinbhinsiún um Chaomhnú agus um Bainistiú Acmhainní Mangach i Muir Bheiring Láir a dhaingniú, ar mhaithe leis an Aontas Eorpach;

2. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát.